



An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026
(OR. en, de)

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0319(COD)

10642/26
ADD 1 REV 2

CODEC 1202
AGRI 505
AGRIORG 80
AGRIFIN 122
AGRILEG 161

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh - Ráitis

D'iarr an Ghearmáin go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

Tá Rialtas Cónaidhme na Gearmáine ag staonadh ón togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, arna leasú le comhréiteach tríthaobhach an 5 Márta 2026.

Aontaíonn an Rialtas Cónaidhme le haidhm an togra, is é sin, seasamh na bhfeirmeoirí a neartú. Ar an iomlán, áfach, níl sé cinnte go bhfuil na hionstraimí dá bhforáiltear oiriúnach chun an cuspóir sin a bhaint amach go héifeachtach. Go háirithe, tá an Rialtas Cónaidhme an-chriticiúil faoin ualach méadaithe maorlathais a ghabhann leis an togra agus faoin obair mhór agus na costais arda a bhaineann leis an aistriú. Is amhlaidh atá toisc gur príomhchuspóir de chuid an Rialtais Cónaidhme é maorlathas nach bhfuil gá leis a laghdú agus costais neamhriachtanacha don gheilleagar a sheachaint. Maidir leis an gcosaint arna tabhairt isteach le haghaidh ainmniúcháin feola, tá tionchar ar leith aici sin ar thionscal bia na Gearmáine i gcomparáid le tíortha na hEorpa i gcoitinne, agus measann an Ghearmáin nach bhfuil aon riachtanas rialála léi.

I bhfianaise an mhéid sin, ní féidir leis an Rialtas Cónaidhme aontú leis an togra. Ag an am céanna, aithníonn sé go ndearnadh coigeartuithe tábhachtacha ag an gcruinniú tríthaobhach. Tugtar an deis do na Ballstáit maolú ar an oibleagáid conarthaí i scríbhinn ina bhfuil inneachar íosta áirithe a thabhairt i gcrích. Cé go bhfuil maolú na hearnála déiríochta teoranta, cumhdaítear gnéithe riachtanacha leis.

Rinne an Uachtaránacht gach iarracht freisin seasamh na Comhairle a chosaint ó thaobh na n-ainmniúchán feola de: téarmaí a úsáidtear go forleathan i margadh na Gearmáine lasmuigh d'earnáil na feola (*Burger*, *Wurst* agus *Schnitzel*, mar shampla), féadtar leanúint dá n-úsáid gan bhac; ní dhéantar difear d'ainmniúcháin san earnáil éisc; agus baineadh amach tréimhsí fiúntacha aistrithe agus díolacháin.

D'iarr an Laitvia go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

Tá an Laitvia ag vótáil i gcoinne an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia (ar a dtugtar 'an togra' anseo feasta).

Agus an togra á phlé, chloígh an Laitvia go seasta leis an tuairim nach mór aon togra darb aidhm seasamh na dtáirgeoirí sa slabhra soláthair a neartú fíorthairbhí nithiúla a chur ar fáil do tháirgeoirí.

Maidir leis an gcaidreamh conarthach, agus tuairimí earnáil talmhaíochta na Laitvia á n-urramú aici, measann an Laitvia gur cheart é a fhágáil faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh conarthaí éigeantacha i scríbhinn a cheangal seachas an ceanglas sin a fhorchur mar oibleagáid éigeantach.

Tá an Laitvia ag vótáil i gcoinne an togra ar bhonn na n-argóintí seo a leanas:

- 1) Creidimid gur cheart na forálacha maidir le conarthaí agus caidreamh conarthach i Rialachán CEM a fhágáil gan athrú, agus gur cheart é a bheith ina rogha ag na Ballstáit conarthaí éigeantacha i scríbhinn agus sásraí idirghabhála a bhunú. Go háirithe, tá an Laitvia i gcoinne na bhforálacha maidir le conarthaí atá in Airteagal 148, toisc nach gceadaítear do na Ballstáit a chinneadh nár cheart conarthaí in earnáil na déiríochta a bheith éigeantach;
- 2) ní féidir leis an Laitvia tacú ach oiread leis an imeacht ó shainordú na Comhairle maidir leis an sásra idirghabhála ná leis an laghdú ar an tairseach íosluacha soláthair ó EUR 20 000 go EUR 10 000.

D'iarr an Ísiltír go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

Is díol sásaimh don Ísiltír an comhaontú ar ar thángthas maidir leis an togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia. Cuireann na rialacha nua um an gcaidreamh conarthach agus forálacha eile le seasamh margála neartaithe na bhfeirmeoirí, agus is cuspóir é sin ar thacaigh an Ísiltír go gníomhach leis le linn an phróisis cinnteoireachta. Sa phróiseas sin, ba den rithábacht é cothrom iomaíochta agus cur i bhfeidhm leathan a áirithiú ar fud an Aontais chun an cuspóir ‘Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin’ a chomhlíonadh.

Mar sin féin, ar fhorais nós imeachta agus shubstainteacha araon, ní féidir leis an Ísiltír tacú leis na srianta arna gcur isteach ag an nóiméad deireanach ar úsáid téarmaí a bhaineann le feoil ná leis na teorainneacha arna bhforchur ar na féidearthachtaí maidir le feoil shaothraithe. Ní chuireann na srianta sin leis an tsoiléireacht do thomhaltóirí agus cruthaíonn siad ualach rialála nach bhfuil gá leis don phobal gnó. Lena chois sin, baineann siad an bonn ó fhorbairt táirgí nua hibrídeacha agus díspreagann siad nuálaíocht agus infheistíocht phríobháideach, ar gnéithe rithábachtacha iad chun cumas tuillimh chóras talmhaíochta agus bia na hEorpa amach anseo a neartú. Dá bhrí sin, tá an méid sin ag teacht salach ar mholtaí Thuarascáil Draghi chun iomaíochas domhanda an Aontais amach anseo a fheabhsú.

Dá thoradh sin, cé go rannchuidíonn an Rialachán atá beartaithe le seasamh an fheirmeora sa slabhra, ar an iomlán níl an Ísiltír in ann tacú leis an gcomhaontú comhréitigh ar thángthas air idir an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, i bhfianaise na bhforchoimeádas maidir leis na srianta thuasluaite.

D'iarr an Ostair go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

Sheas an Ostair ar bhealach cuiditheach i gcónaí ar son socrúithe praiticiúla chun seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú.

Le linn an phlé, mheas agus measann an Ostair go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an méid seo a leanas:

- maoluithe ar an oibleagáid conarthaí seachadta i scríbhinn a úsáid le haghaidh táirgí talmhaíochta, go háirithe in earnáil an bhainne;
- idirdhealú leormhaith i ndlí na hiomaíochta idir eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus eagraíocht neamhaitheanta táirgeoirí nó eintitis eile;

Maidir le maoluithe ar an oibleagáid conarthaí seachadta i scríbhinn a úsáid le haghaidh táirgí talmhaíochta, go háirithe in earnáil an bhainne

Faoi láthair, faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (Airteagail 148 agus 168) lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta (CEM), is féidir leis **na Ballstáit a chinneadh**, de mheon na **coimhdeachta**, an gceanglaítear **conarthaí i scríbhinn** le haghaidh seachadtaí chuig céad-cheannaitheoirí, cé is moite de chomharchumainn.

Ní cheanglaítear aon chonradh i scríbhinn san Ostair faoi láthair; sa rialachán náisiúnta um chreatdálaí táirgeoirí (*Erzeuger-Rahmenbedingungen-Verordnung*), áfach, atá bunaithe ar an Dlí um Eagrú an Mhargaidh (*Marktordnungsgesetz – MOG*), foráiltear go bhféadfaidh soláthróir bainne amh nó táirgí talmhaíochta conradh a iarraidh. Is cleachtas coiteann san Ostair cheana féin iad comhaontuithe i scríbhinn maidir le seachadadh bainne, ach ní gá iad a bheith i gcomhréir dhíreach le forálacha CEM.

Leis an togra reatha chun **leasú a dhéanamh ar CEM**, tugtar isteach **athruithe bunúsacha** ar an **gcaidreamh conarthach**:

Tá **conarthaí** i scríbhinn **bunriachtanach** anois le haghaidh **gach seachadta** táirgí déiríochta, agus tá siad bunriachtanach in earnáil an bhainne freisin le haghaidh gach seachadta táirgí déiríochta, anuas ar bhainne amh.

Cuirtear coinníollacha breise leis **na maoluithe do chomharchumainn** (lena n-áirítear modhanna trédhearcacha daonlathacha chun praghsanna a shocrú roimh ré, agus an tionchar ar luach saothair feirmeoirí agus tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta á gcur san áireamh), agus tá **éiginnteacht dhlíthiúil** ag baint leis na maoluithe sin.

Tugadh isteach **clásal athbhreithnithe nua** do chonarthaí a mhaireann 12 mhí (**6 mhí in earnáil an bhainne**), rud a thugann an deis aontaobhach don soláthróir an Conradh Seachadta a fhoirceannadh tráth ar bith. Go dtí seo, bhí sé ina aidhm ag CEM conarthaí seachadta a mhaireann 6 mhí ar a laghad a dhéanamh éigeantach; tá an **baol** ann anois, áfach, **go dtairgfear tréimhsí níos giorra**. Is fíor sin go háirithe in earnáil an bhainne.

Cé go bhféadfadh **maoluithe** a bheith ann i gcónaí i gcás **táirgí** áirithe nó **codanna áirithe de chonarthaí**, ní mór iad a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta, agus gabhann ualach maorlathach leis sin.

Tá **baol** ann nach dtairgfear ach **conarthaí seachadta gearrthéarmacha** nó go mbeidh sé níos deacra fós do sholáthróirí beaga i gceantair iargúlta ceannaitheoir a aimsiú. Ní athrófar dálaí an mhargaidh ar an gcaoi sin. Faoi láthair, tá an méadú ar an méid bainne san Aontas ag cur brú comhfhreagrach ar phraghsanna táirgeoirí.

Maidir le maoluithe ar dhlí na hiomaíochta a leathnú chuig eagraíochtaí táirgeoirí neamhaitheanta nó chuig eintitis eile

Go dtí seo, de mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, ceadaíodh d'eagraíochtaí táirgeoirí arna n-aithint faoi Airteagal 152(1) de Rialachán (AE) 1308/2013 gníomhú, thar ceann a gcomhaltaí le linn an phróisis táirgthe ina iomláine nó go páirteach, chun táirgeadh a phleanáil, costais táirgeachta a optamú, táirgí a mhargú agus conarthaí um sheachadadh táirgí talmhaíochta a chaibidil.

Amach anseo, leathnófar na maoluithe sin ar dhlí na hiomaíochta chuig **eagraíochtaí táirgeoirí neamhaitheanta, comharchumainn nó aon eintiteas dlíthiúil coibhéiseach eile a aithnítear faoin dlí náisiúnta**, a rinne iarratas ar aitheantas Ballstáit mar eagraíocht táirgeoirí agus nár tugadh an t-aitheantas sin dó go fóill, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 152, mír 1, agus in Airteagal 154 de Rialachán CEM.

Féadfaidh **eagraíocht táirgeoirí den chineál sin** leas a bhaint as an maolú sin laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 154(4)(a) de Rialachán CEM nó, mura bhfuil aon chinneadh déanta ag an mBallstát maidir leis an iarratas ar aitheantas faoi dheireadh na tréimhse sin, **laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a tíolacadh an t-iarratas ar aitheantas** mura rud é gur chinn an Ballstát an t-aitheantas a dhiúltú.

Tá coinne leis na héifeachtaí seo a leanas *ex ante*:

- Trí thairbhíthe nua a chur leis an liosta, cuirfear i gcoinne na n-iarrachtaí simpliúcháin atá ar siúl faoi láthair — ós amhlaidh go meastar go dtiocfaidh méadú ar líon na seiceálacha, féadtar glacadh leis go dtiocfaidh méadú ar an ualach riaracháin.
- Ina theannta sin, cruthaíonn imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar feitheamh ar feadh blianta éiginnteacht dhlíthiúil, rud a chruthaíonn rioscaí suntasacha go ngearrafaí pionóis thromchúiseacha cairtéil i gcásanna ina gcinntear ar bhonn *ex post* nár comhlíonadh ceanglais aitheantais.
- Díritear aird freisin ar na difríochtaí méadaitheacha atá ag teacht chun cinn idir na Ballstáit maidir le huainiú na nósanna imeachta aitheantais laistigh den tréimhse 5 bliana a ordaíodh.
- Anuas air sin, tá nós imeachta aitheantais iomlán nua á thabhairt isteach (fíorú *ex-ante* atá ann faoi láthair; fíorú *ex post* a bheidh ann amach anseo).
- I dteannta na saincheisteanna a luadh, déanann an fhoráil nua **lagú ar chóras reatha na n-eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta: laghdófar na buntáistí d'eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta cheana féin.**

Measann an Ostair **go mb'fhearr i bhfad cloí le staid reatha an chórais aitheantais**, go háirithe chun **na buntáistí d'eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta cheana féin a choimirciú**. Mar fhocal scoir, go dtí seo, bhí an tsaoirse ag gach eagraíocht táirgeoirí neamhaitheanta, gach comharchumann neamhaitheanta agus gach eintiteas neamhaitheanta eile aitheantas a fháil mar eagraíocht táirgeoirí agus tairbhe a bhaint, ar an gcaoi sin, as na maoluithe ar dhlí na hiomaíochta.

Conclúid:

I bhfianaise na bpointí thuasluaite, feictear don Ostair go bhféadfaí tuilleadh breithnithe a dhéanamh agus, dá bhrí sin, iarrann sí **ar an gCoimisiún Eorpach meastóireacht a dhéanamh ar na leasuithe reatha** laistigh de thréimhse réasúnta ama.

Mar sin féin, ní chuirfidh an Ostair i gcoinne an chomhréitigh a dtiocfar air agus aontóidh sí leis.

D'iarr an Ghearmáin go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

D'fhógair an Coimisiún athbhreithniú ar rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí le haghaidh an dara ráithe de 2026, d'fhonn go bhféadfaí úsáid a bhaint as critéir inbhuanaitheachta, athléimneachta agus tosaíochta Eorpaí sa soláthar, agus d'fhonn an úsáid sin a éascú.

Sa chomhthéacs sin, scrúdóidh an Coimisiún conas a fhéadfaidh an soláthar poiblí, agus rialacha an mhargaidh aonair agus oibleagáidí idirnáisiúnta á n-urramú an tráth céanna, a bheith ina thaca le cuspóirí inbhuanaitheachta agus le tosaíocht Eorpach. Tacóidh na cuspóirí sin freisin le beartas bia na hEorpa agus le táirgí de thionscnamh feirmeacha beaga, ar táirgí iad a tháirgtear agus a mhargaítear go háitiúil ó shlabhraí soláthair gairide.